RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2268 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Samhain 2022

lena bhfoirceanntar an t-athbhreithniú "onnmhaireora nua" ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena bhfoirceanntar clárú na n-allmhairí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 [2] ("an t-imscrúdú bunaidh"), d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach 30,6 % ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín"). Rinneadh roinnt imscrúduithe ó shin, lenar leathnaíodh na bearta tosaigh agus lenar leasaíodh iad.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 502/2013 [3], tar éis athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle [4], leasaigh an Chomhairle na bearta. San imscrúdú sin, níor cuireadh sampláil i bhfeidhm i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín agus coinníodh an dleacht frithdhumpála uile-tíre 48,5 % ar bun, dleacht atá bunaithe ar an gcorrlach dumpála a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1095/2005 ón gComhairle [5].

(3) Na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, is bearta frithdhumpála iad a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 ón gCoimisiún [6], faoina ndéantar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeann an t-iarratasóir a chur faoi réir dleacht frithdhumpála chinntitheach 48,5 %.

2. AN tIMSCRÚDÚ REATHA

2.1. Iarraidh ar athbhreithniú

(4) Fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú "onnmhaireora nua" faoi Airteagal 11(4) den "bun-Rialachán". Chuir Zhejiang Feishen Vehicle Industry Co., Ltd. ("an t-iarratasóir"), ar táirgeoir onnmhairiúcháin rothar sa tSín é, an iarraidh isteach an 10 Meán Fómhair 2019 agus nuashonraigh sé é an 26 Samhain 2021.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, Lch. 21.

[2] Rialachán (CEE) Uimh. 2474/93 ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 1993 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar isteach sa Chomhphobal ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht frithdhumpála shealadach (IO L 228, 9.9.1993, Lch. 1).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 502/2013 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2013 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 990/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 153, 5.6.2013, Lch. 17).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, Lch. 51).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1095/2005 ón gComhairle an 12 Iúil 2005 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Vítneam, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1524/2000 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 183, 14.7.2005, Lch. 1).

[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 ón gCoimisiún an 28 Lúnasa 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí rothar a chuirtear chun bealaigh ón Indinéis, ón Malaeisia, ó Shrí Lanca, ón Túinéis, ón gCambóid, ón bPacastáin agus ó na hOileáin Fhilipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 (IO L 225, 29.8.2019, Lch. 1).

(5) Mhaígh an t-iarratasóir nach raibh sé gaolmhar le haon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin a tháirgeann rothair agus atá faoi réir na mbeart atá i bhfeidhm. Ina theannta sin, mhaígh an t-iarratasóir nár onnmhairigh sé rothair chuig an Aontas ach tar éis dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh.

2.2. **Athbhreithniú onnmhaireora nua a thionscnamh**

(6) Scrúdaigh an Coimisiún an fhianaise a bhí ar fáil agus tháinig sé ar an gconclúid gur leor an fhianaise a bhí ann chun údar cuí a thabhairt le hathbhreithnithe "onnmhaireora nua" a thionscnamh de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán. Tar éis deis a thabhairt do tháirgeoirí an Aontais barúil a thabhairt, thionscain an Coimisiún, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/358 ón gCoimisiún ([7]), an t-athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 maidir leis an iarratasóir.

2.3. **An táirge lena mbaineann**

(7) Is éard atá sa táirge faoi athbhreithniú rothair agus rothair eile (lena n-áirítear trírothaigh seachadta earraí, ach gan aonrothaigh a áireamh) nach bhfuil innealta, ar rothair iad a thagann faoi láthair faoi chóid AC 8712 00 30 agus ex 8712 00 70 (cóid TARIC 8712 00 70 91, 8712 00 70 92 agus 8712 00 70 99) agus ar de thionscnamh na Síne iad.

2.4. **Na páirtithe lena mbaineann**

(8) Chuir an Coimisiún in iúl don iarratasóir, do thionscal an Aontais agus d'ionadaithe ón tír is onnmhaireoir go hoifigiúil faoi thionscnamh an athbhreithnithe. Tugadh deis do na páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a fháil.

(9) Ar lá an tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir an ceistneoir a líonadh isteach.

2.5. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe**

(10) Chumhdaigh an t-imscrúdú an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ("tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe").

2.6. **Nochtadh**

(11) An 29 Iúil 2022, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara go raibh sé beartaithe aige an t-imscrúdú athbhreithniúcháin a fhoirceannadh gan corrlach dumpála aonair a chinneadh le haghaidh an iarratasóra. Tugadh an deis do na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt.

(12) Sna barúlacha a chuir an t-iarratasóir isteach an 12 Lúnasa 2022, níor aontaigh an t-iarratasóir le hanailís an Choimisiúin lenar diúltaíodh do stádas an onnmhaireora nua ar bhonn ionadaíochas dhíolacháin an iarratasóra agus mhaígh sé nach raibh bunús dlí le cinneadh den sórt sin agus nach raibh sé i gcomhréir leis na tuarascálacha ón bPainéal agus ón gComhlacht Achomhairc i *Meicsiceo – Bearta frithdhumpála cinntitheacha ar mhairteoil agus rís* ([8]).

(13) Tugann an Coimisiún le fios go ndearna an Painéal agus an Comhlacht Achomhairc scrúdú ar na coinníollacha maidir le hiarraidh ar athbhreithniú brostaithe onnmhaireora nua a dhéanamh, mar a leagtar amach i ndlí Mheicsiceo, a ghlacadh nó a dhiúltú. Sa chás seo, ghlac an Coimisiún leis an iarraidh ón iarratasóir agus thionscain sé go díograiseach an t-athbhreithniú onnmhaireora nua ach chun ríomh iontaofa corrlaigh dumpála a dhéanamh, teastaíonn praghas onnmhairiúcháin fónta ón gCoimisiún, praghas a mheastar a léiríonn gnáthiompraíocht

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/358 ón gCoimisiún an 2 Márta 2022 lena dtionscnaítear athbhreithniú "onnmhaireora nua" i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a mhéid a bhaineann le táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Síne, agus lena n-aisghairtear an dleacht a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 68, 3.3.2022, Lch. 9).

([8]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, *Meicsiceo – Bearta Frithdhumpála ar Rís*, mír 323

praghsála an táirgeora onnmhairiúcháin lena mbaineann. Mar a mhínítear in aithrisí (25) go (28) ní féidir úsáid a bhaint as an idirbheart a rinne an t-iarratasóir mar bhonn le ríomh an chorrlaigh dumpála toisc nach léiriú cruinn go leor é ar ghnáthiompraíocht praghsála onnmhairiúcháin inbhuanaithe a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn chun corrlach dumpála aonair a chinneadh a bhféadfadh feidhm a bheith aige maidir le hidirbhearta amach anseo. Diúltaítear, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

(14) Thagair an t-iarratasóir d'imscrúduithe athbhreithnithe éagsúla onnmhaireoirí nua, i gcás nach ndearna na honnmhaireoirí ach idirbheart díolacháin amháin agus gur deonaíodh corrlach dumpála fabhrach dóibh mar sin féin. D'iarr an t-iarratasóir ar an gCoimisiún cleachtas comhsheasmhach a leanúint maidir leis an iarraidh sa chás reatha.

(15) Bhain na hathbhreithnithe ar thagair an t-iarratasóir dóibh le himscrúduithe i gcás ina raibh meánráta an tsampla ar fáil go deimhin. Dá bhrí sin, ní raibh sé riachtanach na corrlaigh dhumpála aonair a chinneadh. Murab ionann agus an méid a mhaíonn an t-iarratasóir, tá modh an Choimisiúin chun measúnú a dhéanamh ar staid an onnmhaireora nua comhsheasmhach. San athbhreithniú maidir leis an aigéad tríchlóraisicianúrach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ([9]), ní raibh an Coimisiún in ann an praghas onnmhairiúcháin a úsáid, rud a d'fhág gur foirceannadh an t-athbhreithniú gan a bheith in ann ráta aonair a dheonú don iarratasóir.

(16) Mhaígh an t-iarratasóir go ndearna an Coimisiún measúnú earráideach ar an bhfianaise fhíorasach i gcomhthéacs ionadaíochas na ndíolachán a chinneadh, comparáid an phraghais onnmhairiúcháin le sonraí staidrimh agus praghas athdhíola a gcustaiméirí.

(17) Chun comparáid a dhéanamh idir an praghas onnmhairiúcháin, mhaígh an t-iarratasóir go raibh a tháirgí ceaptha mar tháirgí ardleibhéil agus gur bronnadh praghsanna deartha orthu i gcomórtais idirnáisiúnta, dá bhrí sin níl an chomparáid le staidreamh measctha a léirigh praghas níos airde ábhartha. Ina theannta sin, chuir an t-iarratasóir in aghaidh ábharthacht na faisnéise a chuir an t-allmhaireoir Ostarach ar fáil, inar sainíodh an t-idirbheart mar thriail, agus inar mhaígh sé gur ghnáthidirbheart seachas triail a bhí ann ó thaobh an iarratasóra de.

(18) Tugann an Coimisiún dá aire nach raibh aon fhaisnéis in aon cheann d'argóintí an iarratasóra a chuirfeadh amhras ar an bhfaisnéis a bhreithnigh an Coimisiún ina mheasúnú ar na fíorais. Dá bhrí sin, diúltaítear dóibh.

(19) Mar rogha air sin, mhol an t-iarratasóir faireachán a dhéanamh ar na bearta nó praghas íosta allmhairiúcháin a chinneadh.

(20) Ní féidir leis an gCoimisiún glacadh le ceachtar den dá iarraidh sin a chuir an t-iarratasóir isteach. Níl an faireachán ná an praghas íosta allmhairiúcháin iomchuí i gcás táirgeora onnmhairiúcháin nua. Sa sampla den fhaireachán i gcás na mbiorán agus na stáplaí ([10]) a thug an t-iarratasóir chun cinn, baineadh úsáid as chun faireachán a dhéanamh ar staid na n-allmhairí i gcás nach ndéanfaí bearta frithdhumpála a fhorchur. Is uirlis é sásra an phraghais íosta allmhairiúcháin chun an leibhéal dleachta i leith onnmhairí iomlána na tíre lena mbaineann a chinneadh in imeachtaí i gcás ina measfaidh an Coimisiún gurb iomchuí an cineál birt sin i bhfianaise imthosca sonracha an cháis. Sa chás i dtrácht, tá na bearta i bhfoirm dleachtanna *ad valorem* agus níl sé mar chuspóir ag athbhreithniú rannpháirtí nua athbhreithniú a dhéanamh ar chineál na mbeart.

([9]) IO L 115, 13.4.2022, Lch. 66.
([10]) IO L 269, 17.8.2020, Lch. 40.

3. TORTHAÍ AN IMSCRÚDAITHE

3.1. Critéir maidir le "táirgeoir onnmhairiúcháin nua"

(21) De bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, is iad seo a leanas na critéir atá le comhlíonadh i gcás táirgeoir onnmhairiúcháin nua:

(a) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar ar bunaíodh na bearta,

(b) níl sé gaolmhar le haon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm, agus

(c) d'onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas.

(22) Deimhníodh san imscrúdú nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

(23) Léirigh an t-iarratasóir nach raibh sé gaolmhar le haon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne atá faoi réir na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm maidir leis an táirge lena mbaineann.

(24) Maidir leis an gcritéar gur thosaigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, rinne an Coimisiún measúnú ar an méid seo a leanas. Ní dhearna an t-iarratasóir ach idirbheart onnmhairiúcháin amháin de mhéid teoranta le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus dá bhrí sin, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfaí a mheas gur leor an t-idirbheart onnmhairiúcháin sin chun léiriú cruinn a thabhairt ar iompraíocht onnmhairiúcháin reatha an iarratasóra agus ar a iompraíocht onnmhairiúcháin amach anseo. Go sonrach, rinne an Coimisiún tuilleadh anailíse ar an sciar den chainníocht onnmhairithe le hais mhéid iomlán na táirgeachta, agus ar na praghsanna díola chuig an Aontas le hais mheánphraghsanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne a d'onnmhairigh méideanna suntasacha chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(25) Rinne an t-iarratasóir díolachán amháin le hallmhaireoir Ostarach a raibh 30 rothar do leanaí i gceist leis, méid arb é 1 % dá tháirgeacht iomlán. Bhí praghas idirbheart an iarratasóra ar leibhéal CAL 73 % ([11]) níos airde ná meánphraghas táirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne i margadh na hOstaire. Thug sé sin le fios nach ndearnadh an t-idirbheart sin faoi ghnáththéarmaí tráchtála.

(26) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis an allmhaireoir chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chineál an idirbhirt agus faoin luach athdhíola.

(27) Dheimhnigh an t-allmhaireoir Ostarach freisin nach raibh ann ach idirbheart trialach (ní gnáth-idirbheart gnó), go raibh an praghas ceannaigh ró-ard agus, dá bhrí sin, gur athdhíol sé na rothair le custaiméirí deiridh ar phraghas níos ísle ná an praghas ceannaigh.

3.2. Conclúid

(28) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún gur i gcás an idirbhirt a chuir an t-iarratasóir isteach, nár thug sé bunús ionadaíoch leordhóthanach ná léiriú cruinn leordhóthanach ar a iompraíocht praghsála onnmhairiúcháin reatha ná ar a iompraíocht praghsála onnmhairiúcháin amach anseo, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhunús le corrlach dumpála aonair a chinneadh. Ar an mbonn sin, ba cheart imscrúdú an athbhreithnithe a fhoirceannadh.

([11]) Comparáid idir an praghas ar dhíol an chuideachta san Aontas agus an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín i margadh sonrach an Aontais sa tréimhse chéanna. Rinneadh an chomparáid sin ar leibhéal CAL, i.e. an praghas a bhí ar na rothair ag teorainn an Aontais. I bhfianaise na dleachta frithdhumpála 48,5 %, bhí an praghas 99 % níos airde.

4. **DLEACHT FRITHDHUMPÁLA A THOBHACH**

(29) I bhfianaise na dtorthaí thuas, ba é conclúid an Choimisiúin gur cheart an t-athbhreithniú maidir le hallmhairí rothar arna monarú ag an iarratasóir agus arna dtionscnamh sa tSín a fhoirceannadh. An dleacht is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile" de bhun Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le táirgí arna monarú ag an iarratasóir. Dá bhrí sin, ba cheart scor de chlárú allmhairí an iarratasóra, agus an dleacht uile-tíre is infheidhme maidir le gach cuideachta eile (48,5 %) arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379, ba cheart an dleacht sin a thobhach ar na hallmhairí sin ó dháta thionscnamh an athbhreithnithe seo. Tá sé seo gan dochar do na féidearthachtaí atá ag na hallmhairí aisíocaíocht a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 11(8) den bhun-Rialachán.

(30) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, foirceanntar an t-athbhreithniú "onnmhaireora nua" arna dtionscnamh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/358.

2. Leis seo, aisghairtear Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/358.

3. An dleacht frithdhumpála is infheidhme de réir Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 maidir le "gach cuideachta eile" i nDaon-Phoblacht na Síne (cód breise TARIC B999), leis seo, tá feidhm ag an dleacht sin maidir le hallmhairí na dtáirgí arna monarú ag Zhejiang Feishen Vehicle Industry Co., Ltd.

Airteagal 2

1. Leis seo, ordaítear do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí, rud arna dhéanamh de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/358.

2. An dleacht frithdhumpála dá dtagraítear in Airteagal 1(3), leis seo, déantar í a thobhach le héifeacht ón 3 Márta 2022 ar na táirgí arna gclárú de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/358.

3. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 18 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN